ISSN 1725-2571

Iris Oifigiúil

Eagrán Speisialta *

29 Eanáir 2004

an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

Achtú

Clár

Comhairle

Cinneadh ón gComhairle an 17 Nollag 2003 maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le forálacha áirithe de Choinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000 um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus de Phrótacal 2001 a ghabhann leis a chur i bhfeidhm 1

GA

* Faoin tagairt L 26 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla an Aontais.

COMHAIRLE

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Nollag 2003

maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le forálacha áirithe de Choinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000 um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus de Phrótacal 2001 a ghabhann leis a chur i bhfeidhm

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 24 agus 38 de,

De bhrí an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 29 Bealtaine 2000 bhunaigh an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 34(2)(d) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh ([1]) (dá ngairtear 'Coinbhinsiún AE um Chúnamh Frithpháirteach' anseo feasta).

(2) Cinneann Airteagal 2(1) den Choinbhinsiún sin na forálacha sin de arb éard iad forálacha a fhorbraíonn acquis Schengen de réir bhrí Chomhaontú an 18 Bealtaine arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh le Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le hacquis Schengen ([2]) a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.

(3) Ar an 16 Deireadh Fómhair 2001, bhunaigh an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 34(2)(d) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh ([3]) (dá ngairtear 'Prótacal AE um Chúnamh Frithpháirteach' anseo feasta).

([1]) IO C 197, 12.7.2000, lch. 1.
([2]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.
([3]) IO C 326, 21.11.2001, lch. 1.

(4) Cinneann Airteagal 15 den Phrótacal sin gurb éard é Airteagal 8 airteagal a fhorbraíonn acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh le Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.

(5) De bhun théarmaí Airteagal 8 den Chomhaontú sin, tiocfaidh Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua chun bheith faoi cheangal ag inneachar na bhforálacha sin de Choinbhinsiún AE um Chúnamh Frithpháirteach ina gcaidreamh frithpháirteach agus ina gcaidreamh le Ballstáit an Aontais Eorpaigh.

(6) Tar éis Chinneadh ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 ag údarú d'Uachtaránacht na Comhairle caibidlíocht a oscailt d'fhonn forálacha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla a chur i bhfeidhm ar bhonn Airteagail 24 agus 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, rinne an Uachtaránacht, a raibh cúnamh ón gCoimisiún aici, comhaontú a chaibidil le Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua a dtiocfaidh dá réir inneachar na bhforálacha suibstaintiúla eile de Choinbhinsiún AE um Chúnamh Frithpháirteach agus de Phrótacal AE um Chúnamh Frithpháirteach chun a bheith infheidhme maidir le Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua ina gcaidreamh frithpháirteach agus ina gcaidreamh le Ballstáit an Aontais Eorpaigh.

(7) Is cóir an Comhaontú sin a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir a thabhairt i bhfeidhm iarbhír,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Formheastar leis seo an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le forálacha áirithe de Choinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000 um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus de Phrótacal 2001 a ghabhann leis a chur i bhfeidhm, faoi réir Cinnidh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú sin a thabhairt i gcrích.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Údaraítear leis seo d'Uachtaránacht na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú atá cumhachtaithe chun an Comhaontú a shíniú faoi réir a thabhairt i crích.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh agus an Comhaontú atá i gceangal leis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Nollag 2003.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

G. ALEMANNO

COMHAONTÚ

idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le forálacha áirithe de Choinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000 um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus de Phrótacal 2001 a ghabhann leis a chur i bhfeidhm

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

de pháirt amháin, agus

POBLACHT NA hÍOSLAINNE,

agus

RÍOCHT NA hIORUA,

den pháirt eile,

dá ngairtear 'na Páirtithe Conarthacha' anseo feasta,

ÓS MIAN LEO an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla idir Ballstáit an Aontais a fheabhsú, gan dochar do na rialacha a chosnaíonn saoirse an duine,

DE BHRÍ gur gá, de bharr an chaidrimh reatha idir na Páirtithe Conarthacha, dlúthchomhar sa chomhrac i gcoinne na coirpeachta,

AG CUR I bhFIOS DÓIBH gur ábhar leasa choitinn ag na Ballstáit a áirithiú go soláthraítear cúnamh frithpháirteach idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an Íoslainn agus an Iorua ar dhóigh atá tapa éifeachtúil agus atá ag luí le bunphrionsabail a ndlí náisiúnta agus atá ar cothrom le cearta aonair agus prionsabail an Choinbhinsiúin Eorpaigh chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint a síníodh sa Róimh ar an 4 Samhain 1950,

AG CUR IN IÚL an mhuinín fhrithpháirteach atá acu i struchtúr agus in oibriú a gcóras dlí agus in ábaltacht na bPáirtithe Conarthacha uile triail chóir a ráthú,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU Coinbhinsiún Eorpach an 20 Aibreán 1959 um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla agus Coinbhinsiúin eile atá i bhfeidhm sa réimse seo a fhorlíonadh le Comhaontú idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn agus an Iorua,

AG AITHINT DÓIBH go bhfuil forálacha na gCoinbhinsiún sin infheidhme fós maidir le gach ábhar nach bhfuil folaithe sa Chomhaontú seo,

AG MEABHRÚ DÓIBH go ndéanann an Comhaontú seo, lena n-áirítear Iarscríbhinn I a ghabhann leis, an cúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla a rialáil, arna bhunú ar phrionsabail Choinbhinsiún an 20 Aibreán 1959,

DE BHRÍ go sonraítear in Airteagal 2(1) de Choinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000 um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, agus in Airteagal 15 de Phrótacal an 16 Deireadh Fómhair 2001 a ghabhann leis, na forálacha arb éard iad forálacha a fhorbraíonn acquis Schengen agus atá glactha dá bhrí sin ag an Íoslainn agus an Iorua de bhua a n-oibleagáidí faoi Chomhaontú an 18 Bealtaine arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt,

DE BHRÍ go bhfuil an Íoslainn agus an Iorua tar éis a mian a chur in iúl dul faoi chomhaontú á gcumasú na forálacha eile de Choinbhinsiún 2000 um Chúnamh Frithpháirteach agus de Phrótacal 2001 um Chúnamh Frithpháirteach a chur i bhfeidhm freisin ina gcaidreamh le Ballstáit an Aontais Eorpaigh,

DE BHRÍ go measann an tAontas Eorpach freisin gur gá comhaontú den sórt sin a bheith ann,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

1. Faoi réir fhorálacha an Chomhaontaithe seo, beidh inneachar na bhforálacha seo a leanas de Choinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000, arna bhunú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, dá ngairtear 'Coinbhinsiún AE um Chúnamh Frithpháirteach' anseo feasta, infheidhme sa chaidreamh idir Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua agus sa chaidreamh frithpháirteach idir gach ceann de na Stáit sin agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh:

Airteagail 4, 8, 9, 10, 11, 13, 14, 15, 16 17, 18, 19, 20, 21 22, 25 agus 26, mar aon le hAirteagail 1 agus 24 a mhéad atá siad ábhartha i gcás aon cheann de na hAirteagail eile sin.

2. Faoi réir fhorálacha an Chomhaontaithe seo, beidh inneachar na bhforálacha seo a leanas de Phrótacal an 16 Deireadh Fómhair 2001, arna bhunú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, dá ngairtear 'Prótacal AE um Chúnamh Frithpháirteach' anseo feasta, infheidhme sa chaidreamh idir Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua agus sa chaidreamh frithpháirteach idir gach ceann de na Stáit sin agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh:

Airteagail 1(1 go 5), 2, 3, 4, 5, 6, 7, 9, 11 agus 12.

3. Beidh na dearbhuithe arna ndéanamh ag Ballstáit faoi Airteagail 9(6), 10(9), 14(4), 18(7) agus 20(7) de Choinbhinsiún AE um Chúnamh Frithpháirteach agus faoi Airteagal 9(2) de Phrótacal AE um Chúnamh Frithpháirteach infheidhme freisin sa chaidreamh le Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua.

Airteagal 2

1. D'fhonn an cuspóir a bhaint amach teacht ar chur i bhfeidhm agus léiriú na bhforálacha dá dtagraítear in Airteagal 1 atá chomh comhionann agus is féidir, coimeádfaidh na Páirtithe Conarthacha forbairt chásdlí Chúirt Breithiúnais na gComhphobal Eorpach faoi athbhreithniú leanúnach mar aon le forbairt chásdlí chúirteanna inniúla na hÍoslainne agus na hIorua a bhaineann leis na forálacha sin. Chuige sin cuirfear meicníocht ar bun chun a áirithiú go ndéantar cásdlí den sórt sin a tharchur go tráthrialta agus go frithpháirteach.

2. Beidh an Íoslainn agus an Iorua i dteideal ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a thíolacadh don Chúirt Bhreithiúnais nuair atá cúirt nó binse de chuid Ballstáit tar éis ceist chun réamhrialú a tharchur a bhaineann le léiriú aon cheann de na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 1.

Airteagal 3

Má dhiúltaítear d'iarratas, féadfaidh an Iorua nó an Íoslainn, ar mhaithe le réiteach praiticiúil féideartha, a iarraidh ar an mBallstát iarrtha tuarascáil a thabhairt do Eurojust faoi aon fhadhb maidir leis an iarraidh a fhorghníomhú.

Airteagal 4

Aon díospóid idir an Íoslainn nó an Iorua agus Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh maidir leis an gComhaontú seo nó aon cheann de na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 1 de a léiriú nó a chur i bhfeidhm, féadfaidh páirtí sa díospóid í a tharchur chuig cruinniú d'ionadaithe do rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na hÍoslainne agus na hIorua, d'fhonn í a réiteach laistigh de shé mhí.

Airteagal 5

Comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha comh-athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhaontú seo tráth nach déanaí ná cúig bhliain tar éis a theacht i bhfeidhm. Déileálfaidh an t-athbhreithniú go háirithe le cur chun feidhme praiticiúil, léiriú agus forbairt an Chomhaontaithe agus féadfaidh sé saincheisteanna a fholú ar nós na n-iarmhairtí ar fhorbairt bhreise an Aontais Eorpaigh a bhaineann le hábhar an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 6

1. Tabharfaidh na Páirtithe Conarthacha fógra dá chéile faoi chomhlánú na nósanna imeachta is gá chun a dtoiliú a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú seo a chur in iúl.

2. Agus an fógra dá dtagraítear i mír 1 á thabhairt acu, nó, má fhoráiltear dó sin, aon tráth ina dhiaidh sin, féadfaidh an Íoslainn agus an Iorua aon cheann de na dearbhuithe a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagail 9(6), 10(9), 14(4), 18(7) agus 20(7) de Choinbhinsiún AE um Chúnamh Frithpháirteach agus in Airteagal 9(2) de Phrótacal AE um Chúnamh Frithpháirteach.

3. A mhéad a bhaineann le forálacha ábhartha Choinbhinsiún AE um Chúnamh Frithpháirteach, tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den tríú mí tar éis an lae a suíonn Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh go bhfuil na ceanglais fhoirmiúla uile comhalta maidir leis na Páirtithe sa Chomhaontú seo a dtoiliú a chur in iúl nó maidir lena dtoiliú a bheith curtha in iúl thar a gceann, nó ar an dáta a dtagann Coinbhinsiún AE um Chunamh Frithpháirteach i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 27(3) de, más déanaí an dáta sin. A mhéad a bhaineann le forálacha ábhartha Choinbhinsiún AE um Chúnamh Frithpháirteach, cruthóidh teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo cearta agus oibleagáidí idir an Íoslainn agus an Iorua, agus idir an Íoslainn, an Iorua agus na Ballstáit sin den AE a bhfuil Coinbhinsiún AE um Chúnamh Frithpháirteach tagtha i bhfeidhm ina leith.

4. A mhéad a bhaineann le forálacha ábhartha Phrótacal AE um Chúnamh Frithpháirteach, tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den tríú mí tar éis an lae a suíonn Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh go bhfuil na ceanglais fhoirmiúla uile comhalta maidir leis na Páirtithe sa Chomhaontú seo a dtoiliú a chur in iúl nó maidir lena dtoiliú a bheith curtha in iúl thar a gceann, nó ar an dáta a dtagann Prótacal AE um Chúnamh Frithpháirteach i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 13(3) de, más déanaí an dáta sin. A mhéad a bhaineann le forálacha ábhartha Phrótacal AE um Chúnamh Frithpháirteach, cruthóidh teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo cearta agus oibleagáidí idir an Íoslainn agus an Iorua, agus idir an Íoslainn, an Iorua agus na Ballstáit sin den AE a bhfuil Prótacal AE um Chúnamh Frithpháirteach tagtha i bhfeidhm ina leith.

5. Ina dhiaidh sin, tiocfaidh na cearta agus na hoibleagáidí sin ann idir an Iorua, an Íoslainn agus na Ballstáit eile den AE amhail ó na dátaí a dtagann Coinbhinsiún AE um Chúnamh Frithpháirteach agus/nó Prótacal AE um Chúnamh Frithpháirteach i bhfeidhm maidir leis na Ballstáit eile sin den AE.

6. Ní bheidh feidhm ag an gComhaontú seo ach amháin maidir le nósanna imeachta um chomhar frithpháirteach arna dtionscnamh tar éis an dáta a gcruthaíonnn sé cearta agus oibleagáidí de bhua mhír 3 agus mhír 4.

Airteagal 7

De bharr aontachas Ballstát nua den Aontas Eorpach le Coinbhinsiún AE um Chomhar Frithpháirteach agus/nó le Prótacal AE um Chomhar Frithpháirteach, cruthófar cearta agus oibleagáidí faoin gComhaontú seo idir na Ballstáit nua sin agus an Íoslainn agus an Iorua.

Airteagal 8

1. Féadfaidh na Páirtithe Conarthacha an Comhaontú seo a fhoirceannadh. Má fhoirceannann an Íoslainn nó an Iorua é, fanfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm idir an tAontas Eorpach agus an Stát nach bhfuil sé foirceanta ina leith.

2 Gabhfaidh éifeacht le foirceannadh an Chomhaontaithe seo de bhua mhír 1 sé mhí tar éis an fógra maidir le foirceannadh a thaisceadh. I gcás nósanna imeachta maidir le hiarrataí ar chúnamh frithpháirteach dlí atá ar feitheamh fós ar an dáta sin, déanfar iad a chomhlánú i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo.

3. Foirceannfar an Comhaontú seo i gcás go bhfoirceanntar Comhaontú an 18 Bealtaine 1999 arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh le Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.

4. Gabhfaidh éifeacht le foirceannadh an Chomhaontaithe seo de bhua mhír 3 don Pháirtí céanna nó do na Páirtithe céanna ar an dáta céanna le foirceannadh Chomhaontú an 18 Bealtaine 1999 dá dtagraítear i mír 3.

Airteagal 9

1. Is é Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh taiscí an Phrótacail seo.

2. Poibleoidh an taiscí faisnéis maidir le gach fógra a bhaineann leis an gComhaontú seo.

Airteagal 10

Déanfar an Comhaontú seo a tharraingt aníos in aon chóip amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ioruais, san Íoslainnis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis, agus beidh comhúdarás ag gach ceann de na téacsanna sin.

Hecho en Bruselas, el diecinueve de diciembre de dos mil tres.

Udfærdiget i Bruxelles, den nittende december to tusind og tre.

Geschehen zu Brüssel am neunzehnten Dezember zweitausendunddrei.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις δέκα εννέα Δεκεμβρίου δύο χιλιάδες τρία.

Done at Brussels, this nineteenth day of December, in the year two thousand and three.

Fait à Bruxelles, le dix-neuf décembre deux mille trois.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil ar an naoú lá déag de Nóllaig sa bhliain dhá mhíle is a trí.

Fatto a Bruxelles, addì diciannove dicembre duemilatre.

Gedaan te Brussel, de negentiende december tweeduizenddrie.

Feito em Bruxelas, em dezanove de Dezembro de dois mil e três.

Tehty Brysselissä yhdeksäntenätoista päivänä joulukuuta vuonna kaksituhattakolme.

Som skedde i Bryssel den nittonde december tjugohundratre.

Gjört í Brussel nítjánda dag desembermánaðar árið tvö þúsund og þrjú.

Utferdiget i Brussel den 19. desember 2003.

Por la Unión Europea
For Den Europæiske Union
Für die Europäische Union
Για την Ευρωπαϊκή Ένωση
For the European Union
Pour l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Per l'Unione europea
Voor de Europese Unie
Pela União Europeia
Euroopan unionin puolesta
För Europeiska unionen



Fyrir hönd Lýðveldisins Íslands

For Kongeriket Norge

IARSCRÍBHINN I

Cur i bhfeidhm maidir le Giobráltar

Dearbhaíonn Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, mar Bhallstát atá freagrach as Giobráltar, lena n-áirítear a chaidreamh eachtrach, go dtiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm sa chríoch sin ar leathnú Choinbhinsiún AE um Chúnamh Frithpháirteach 2000 agus Phrótacal 2001 chuig Giobráltar, rud a bhraitheann ar Choinbhsinsiún Chomhairle na hEorpa um Chomhar Frithpháirteach 1959 a bheith leathnaithe chuig Giobráltar. An tráth sin ainmneoidh an Ríocht Aontaithe údarás iomchuí de chuid Ghiobráltair mar údarás inniúil chun críocha an Chomhaontaithe. Seolfar aon chumarsáid fhoirmiúil leis an údarás sin i gcomhréir leis na Comhshocruithe Comhaontaithe idir an Ríocht Aontaithe agus Ríocht na Spáinne maidir le húdaráis Ghiobráltair i gcomhthéacs ionstraimí agus conarthaí gaolmhara AE agus CE a cuireadh i bhfios do Bhallstáit agus d'institiúidí an Aontais Eorpaigh ar an 19 Aibreán 2000. Cuirfidh Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh cóip de na Comhshocruithe sin faoi bhráid Phoblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua.

IARSCRÍBHINN II

Dearbhú ó na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le forálacha áirithe de Choinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000 um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus de Phrótacal 2001 a ghabhann leis a chur i bhfeidhm

Comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha go rachaidh siad i gcomhairle le chéile, de réir mar is iomchuí, nuair a mheasann Poblacht na hÍoslainne nó Ríocht na hIorua nó ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh go bhfuil call leis sin a dhéanamh, ionas go mbeifear in ann an úsáid is éifeachtaí is féidir a bhaint as an gComhaontú seo, agus chun go seachnófar aon díospóid maidir le feidhmiú praiticiúil agus léiriú an Chomhaontaithe seo. Eagrófar an comhairliúchán sin ar an dóigh is caoithiúla is féidir, ag cur san áireamh na struchtúir atá ann don chomhar.

Dearbhú ó Phoblacht na hÍoslainne agus ó Ríocht na hIorua

Dearbhaíonn Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua, ag féachaint d'fhorálacha Choinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000 um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla a chumasaíonn teagmháil dhíreach idir údaráis bhreithiúnacha, gur mian lena n-údaráis inniúla bhreithiúnacha de réir mar is iomchuí, na fiosrúcháin is gá a dhéanamh trí na pointí tadhaill sa Líonra Breithiúnach Eorpach, d'fhonn a shuíomh cé acu de na húdaráis bhreithiúnacha i mBallstát den Aontas Eorpach a bhfuil inniúlacht chríochach aige maidir le hiarrataí ar chomhar frithpháirteach a thionscnamh agus a fhorghníomhú.